



**Tuarascáil Bhliantúil Choiste Iniúchóireachta  
an Gharda Síochána don bhliain dar críoch  
an 31 Nollaig 2017**

**Tuarascáil Bhliantúil Choiste Iniúchóireachta an Gharda Síochána**  
**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017**

*(Arna ullmhú i gcomhlíonadh Alt 45 (1) (b) d’Acht an Gharda Síochána, 2005)*

Bhunaigh Coimisinéir an Gharda Síochána an Coiste Iniúchóireachta (“an Coiste”) in 2006 i gcomhréir le hAlt 44 d’Acht an Gharda Síochána, 2005 (“an tAcht”) arna leasú ag Alt 36 d’Acht an Gharda Síochána (an tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha). Cheap an tÚdarás Póilíneachta an Coiste reatha i mBealtaine 2017.

Seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta reatha ó Bhealtaine 2017 ar aghaidh:

An Dr Cyril Sullivan (Cathaoirleach)

An tOllamh Niamh Brennan

An tUasal Áine Cornally

An tUasal Anne Tynan

An tUasal Joseph Nugent

Ba mhaith leis an gCoiste buíochas a ghabháil leis na comhaltaí a bhí ag dul ar scor a raibh oifig acu a fhad leis an 30 Aibreán 2017.

An tUasal Michael Howard

An tUasal James Collins

An Coimisinéir Gníomhach Dónall Ó Cualáin

An tUasal Pat Fitzpatrick

Bhí Cathaoirleach reatha an Choiste mar chomhalta den iar-Choiste, chomh agus sholáthair seo leanúnachas, ar an gcaoi sin, idir an dá choiste. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur cheap Coimisinéir Gníomhach an Gharda Síochána an tUasal Dónall Ó Cualáin, a bhí ina chomhalta den Choiste go dtí an 30 Aibreán, i Meán Fómhair 2017. Guíonn an Coiste gach rath air ina ról nua.

Gabhann Coiste buíochas leis an nGarda Claire Haugh a ghníomhaigh mar Rúnaí leis an gCoiste in 2017.

Féadtar teacht ar bheathaisnéisí de na comhaltaí reatha ag <https://www.garda.ie/en/faoi-U/Iniúchóireachta-coiste/ballraíocht-Próifil.html>

## **Feidhmeanna agus an Chairt Iniúchóireachta**

Leagtar amach feidhmeanna an Choiste in Alt 45 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 agus tugtar breis míniú orthu i gCairt Iniúchóireachta mhionsonraithe a comhaontaíodh go foirmiúil idir an Coiste agus an Coimisinéir. Is féidir teacht ar chóip den Chairt seo ag [https://www.garda.ie/en/faoi-Us/iniuchoireachta-Coiste/Cairt-for-the-Garda-Siochana-  
iniuchoireachta-Coiste.pdf](https://www.garda.ie/en/faoi-Us/iniuchoireachta-Coiste/Cairt-for-the-Garda-Siochana-iniuchoireachta-Coiste.pdf). Foráiltear sa Chairt go ndéanann an Coiste maoirsiú ar an bpróiseas iniúchóireachta inmheánaí; go ndéanann sé athbhreithniú agus faomhadh ar thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí; agus go gcuireann sé an Coimisinéir ar an eolas maidir lena ról mar Oifigeach Cuntasaíochta.

## **Cruinnithe**

Ceanglaítear faoi Alt 45(3) den Acht go gcasann an Coiste ar a chéile ar a laghad ceithre huaire i ngach bliain. Chas an Coiste ar a chéile i rith 2017, go héifeachtach, chas an sean-Choiste ar a chéile an 18 Eanáir 2017, an 22 Márta 2017 agus an 19 Aibreán 2017. Bhí chéad chruinniú an Choiste nua ar siúl an 27 Meitheamh 2017 agus chuir sé trí chruinniú bhreise ar siúl an 16 Lúnasa 2017, an 20 Meán Fómhair 2017 agus an 15 Samhain 2017. Ag an gcruinniú an 16 Lúnasa 2017, chas comhaltaí den sean-Choiste agus den Choiste nua le chéile chun aistriú eolais a éascú. Chas an Coiste leis an Uasal Gerard Enright ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste an 18 Eanáir 2017 agus le Coimisinéir an Gharda Síochána, an tráth sin, Nóirín O' Sullivan ag an gcruinniú a tionóladh an 22 Márta 2017 agus tionóladh chéad chruinniú an Choiste an 27 Meitheamh 2017.

Cuireadh gach ceann ach ceann amháin de na cruinnithe seo ar bun i gCumann na nOifigeach ag Ceanncheathrú an Gharda Síochána. Cuireadh an cruinniú an 27 Meitheamh 2017 ar bun i dTeach Farmleigh, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath. Tugadh cuireadh do Cheann na hIniúchóireachta Inmheánaí, anuas ar Oifig eile chun freastal, faoi mar ba ghá dóibh, chun faisnéis cothrom le dáta a sholáthar don Choiste ar ábhair ábhartha.

## **An Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais**

Mar chuid dá obair chun tacú le Coimisinéir an Gharda Síochána ina cáil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Gharda Síochána, rinne an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais. Chuir ábhair agus moltaí tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí a fuarthas i rith na bliana, ábhair agus ábhair agus moltaí

tuarascálacha athbhreithnithe a rinne Seirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána (GIAS) ar rialuithe inmheánacha faisnéis ar fáil don athbhreithniú seo.

### **Tuarascálacha Choláiste an Gharda Síochána**

Rinne an Coiste breithniú ar an Tuarascáil Eatramhach ar Rialuithe Airgeadais ag Coláiste an Gharda Síochána ag an gcruinniú a tionóladh an 23 Feabhra 2017. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Údaráis Phóilíneachta agus Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina dhiaidh sin. Scrúdaigh an Coiste um Chuntais Phoiblí an Oireachtais (PAC) tuarascáil agus rinne sé finnéithe a ghairm chuige maidir le cúig chás ar leith idir an 4 Bealtaine agus an 13 Iúil 2017. An 31 Bealtaine 2017, iarradh ar an gCeannt Iniúchóireachta Inmheánaí chun ráiteas tosaigh a sholáthar agus cheistigh an Coiste é go mionsonraithe maidir leis an tuarascáil. Ag an gcruinniú seo, chomh maith, iarradh ar iar-Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta fianaise a thabhairt, chomh maith. D'fhoilsigh an PAC a thuarascáil an 18 Iúil 2017<sup>1</sup>. D'fhormhuinigh an tuarascáil seo torthaí agus moladh Thuarascáil an GIAS agus spreag sé a chuid moltaí a chur i bhfeidhm go hiomlán. Cuimsíodh na moltaí breise seo a leanas i dTuarascáil an PAC (Iúil 2017):

- *Tá an Coiste faoin tuairim go mbaineann ríthábhacht le neamhspleáchas an GIAS agus gur gá a fhreagrachtaí, chumhachtaí agus a shuíomh laistigh den Gharda Síochána a neartú. Molann an Coiste gur cheart feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí a shainiú agus a chur in túl go soiléir do na bainisteoirí sinsearacha go léir.*
- *Tá an Coiste faoin tuairim nár tugadh dóthain seasaimh don GIAS laistigh den eagraíocht ná foireann dhóthanach chun tabhairt faoina dhualgais. Molann an Coiste go n-uasghrádaítear stádas an GIAS laistigh den Gharda Síochána, go soláthraítear líon iomlán foirne dó, agus go sannann sé gráid foirne agus struchtúir thuairiscithe ar a ndéanfar athbhreithniú.*
- *Déanann an Coiste an moladh a fhorhnuiniú a dhéantar sa Tuarascáil Eatramhach Iniúchóireachta gur cheart tús áite a thabhairt d'oiliúint ar Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, rialachas agus bainistíocht riosca don fhoireann riaracháin go léir atá ag oibriú i gColáiste an Gharda Síochána.*

---

<sup>1</sup> Tuarascáil Choiste um Chuntais Phoiblí an Oireachtais: Scrúdú ar cheisteanna maidir le Nósanna Imeachta Airgeadais ag Coláiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór, Iúil 2017



Tugadh chun solais i dTuarascáil an PAC (Iúil 2017):

- *Níor cuireadh Coiste Iniúchóireachta an Gharda Síochána ar an eolas go ceann dhá mhí i ndiaidh gur cuireadh an Coimisinéir ar an eolas ar na saincheisteanna, in ainneoin gur chas an Coiste Iniúchóireachta ar a chéile in Iúil 2015. Tá an Coiste faoin tuairim, agus aird ar thromchúise na saincheisteanna, ní féidir glacadh leis an moill a bhí ar an gceist a thabhairt chun solais agus leis an mbealach a tugadh an tsaincheist chun solais.*
- *Tugann an Coiste faoi deara nárbh ionann na saincheisteanna airgeadais i gColáiste an Gharda Síochána agus mír ar an gelár ag cruinniú Choiste Iniúchóireachta an Gharda Síochána a tionóladh an 30 Meán Fómhair 2015, ná ag an gcruinniú a tionóladh ina dhiaidh sin an 9 Nollaig 2015. Tá an Coiste faoin tuairim gur cheart plé a dhéanamh ar na saincheisteanna airgeadais i gColáiste an Gharda Síochána mar phríomh-mhír agus gurbh ionann iad a thabhairt chun solais faoi “Aon Ghnó Eile” agus teip ar chaitheamh leis na saincheisteanna seo leis an tromchúise cheart.*

Ó foilsíodh Tuarascáil an PAC, chas an Coiste agus Cathaoirleach an Choiste leis an gCoimisinéir Gníomhach roinnt uaireanta inar soláthraíodh dearbhuithe go ndéanfar an Coiste Iniúchóireachta a chur ar an eolas go hiomlán feasta ar gach saincheist ábhartha agus gach riosca a eascraíonn astú a bhfuiltear ar an eolas orthu.

I Meitheamh 2017, chuir an GIAS an dara tuarascáil i gcrích dar teideal *Iniúchadh ar Chláir/Thionscadail Oiliúna atá á gCistiú ag an AE* (*‘Audit of EU Funded Training Programmes/Projects’*) a bhain le cláir agus seimineáir oiliúna idirnáisiúnta a reáchtáladh i gcomhar le Coláiste an Gharda Síochána. Bhain an tuarascáil seo an tátal as go mb’fhéidir gur thit gníomhaíocht chialaoiseach amach. An 19 Meitheamh 2017, chuir an Leas-Choimisinéir Póilíneachta agus Slándála an tuarascáil seo faoi bhráid an GSOC agus OLAF (Oifig Frith-Chialaoise an Choimisiúin Eorpaigh). Tá imscrúduithe an GSOC agus OLAF ar bun go fóill.

Cuireadh an tríú tuarascáil dar teideal *Iniúchadh ar Chórais Airgid Thirim agus Bainistíocht Ghinearálta Bhialann agus Shiopa Choláiste an Gharda Síochána* i gcrích in Iúil 2017. Léiríodh sa tuarascáil muinín as cáil na Foirne Riaracháin nua sa Choláiste chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a sainaitníodh sa Tuarascáil Eatramhach (Feabhra 2017).

Ar deireadh, cuireadh an *Iniúchadh Athbhreithnithe ar Choláiste an Gharda Síochána* i gcrích i bhFeabhra 2018. Scrúdaigh seo cur i bhfeidhm na moltaí ó na trí thuarascáil seo a leanas:

1. Iniúchadh Eatramhach ar Nósanna Imeachta Airgeadais ag Coláiste an Gharda Síochána
2. Tuarascáil Choiste um Chuntais Phoiblí an Oireachtais, Scrúdú ar Cheisteanna maidir le Rialuithe Airgeadais ag Coláiste an Gharda Síochána (Iúil 2017)
3. Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste 2016, Caibidil 12, Bainistiú Fosheirbhísí ag Coláiste an Gharda Síochána a foilsíodh i Meán Fómhair 2017

Thug an tIniúchadh Athbhreithnithe seo aird ar mholtaí na trí thuarascáil seo agus lorg sé le meastóireacht a dhéanamh ar conas a cuireadh na moltaí i bhfeidhm i measc na Bainistíochta sa Gharda Síochána. Bhain an t-iniúchadh athbhreithnithe seo an tátal as go bhfuil an GIAS sásta leis an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo agus atá á dhéanamh go fóill maidir le hathchóiriú rialachas Choláiste an Gharda Síochána. Rinneadh dul chun cinn suntasach chun moltaí na dtuarascálacha a chur i bhfeidhm. Mar thoradh ar an dul chun cinn a rinneadh, leasaigh an GIAS tuairim an iniúchta go dtí “dearbhu réasúnta”.

### **Bainistíocht Maoine agus Fianaise**

I dtuarascálacha roimhe seo, thug an Coiste faoi deara, ach go háirithe, líon na saincheisteanna ar ghá dul i ngleic leo i limistéar na Bainistíochta Maoine agus Fianaise, ach spreag na pleananna an Coiste a chuir an Oifig um Chlaochlú Straitéiseach i bhfeidhm chun na saincheisteanna seo a réiteach. I rith 2016 agus 2017, tugadh tús áite do shaincheist na Bainistíochta Maoine laistigh den Chár Nuachóirithe agus Athnuachana. Glacadh an cur chuige trí- chéim seo a leanas chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a thug an GIAS chun solais;

- i. Glacadh le Córas Bainistíochta Foilseán agus Maoine (PEMS) caighdeánaithe i measc na Ranna go léir le córas caighdeánaithe réomhaire a rinneadh a chomhtháthú isteach i gCóras Faisnéise an Gharda Síochána (GardaIS). Baineadh seo amach i rith 2016.
- ii. Taifid an PEMS a chomhtháthú laistigh de Chóras PULSE. Tá forbairt na mbogearraí chun na córais PEMS a chomhtháthú laistigh de PULSE le barrachódú chun gach earra a chlárú, á chur i bhfeidhm

agus á thabhairt isteach ar fud na heagraíochta ó Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh.

- iii. Tá saoráidí leordhóthanacha stórála á soláthar agus tá Straitéis agus Beartas PEMS á bhforbairt. Glacfaidh seo roinnt blianta lena chur i gcrích chun go mbeidh saoráidí leordhóthanacha stórála ar fáil i ngach Rannán.

Ábhar spreagtha don Choiste is ea gur cuireadh pointí i agus ii thuas (PEMS 1 agus 2) i bhfeidhm. Cuireadh tús leis an n-asc bogearraí riachtanach le PULSE (PEMS2) a thabhairt isteach ar fud na heagraíochta i Meán Fómhair 2017. Measann an Coiste gurb í an tsaincheist rithábhachtach maidir le bainistíocht cheart a dhéanamh ar mhaoin agus fianaise ná an cean- gal le PULSE, d'fhonn gur féidir gach earra maoin bheith bainteach le teagmhas PULSE, a bheith rianaithe agus a bheith bainistithe laistigh den Chreat um Chuntasacht Feidhmíochta (an PAF). Tá an Coiste aireach, chomh maith, go mbraithfidh cur i bhfeidhm rathúil an PEMS nua ar chleachtais nua chaighdeánaithe oibre a thabhairt isteach ar fud na heagraíochta. Mhol an Coiste go ndéanann an GIAS iniúchóireacht ar rialuithe feabhsaithe na gcóras, mar thoradh ar PEMS2, a luaithe a tugadh dóthain ama go ndéanfar córais atá go hiomlán oibríochtúil ar fud na tíre de na córais.

### **Imlonnú Acmhainní Daonna agus Sibhialtachú**

Mar shampla, baineann thart ar 90% de Vóta iomlán an Gharda Síochána le “costais foirne” i bhfoirm amháin nó i bhfoirm eile (e.g. pá bunúsach, ragobair, liúntais agus pinsin). Anuas ar nósanna riaracháin a chomhlíonadh, tá sé tábhachtach go ndéantar an caiteachas seo a bhainistiú go héifeachtach agus gurb ionann agus luach ar airgead é. Leagadh an bhéim air sa Phlean Póilíneachta, agus i moltaí ó Thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána (Samhain 2015)<sup>2</sup> araon an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go sanntar an líon uasta Gardaí do dhualgais phóilíneachta ard-infheictheachta a bhfuil *“teagmháil dhíreach acu leis an bpobal”*, ina dtugann Státseirbhísigh faoi róil riaracháin a mhéid agus is féidir le lígean do chomhaltai Garda tabhairt faoi na róil phóilíneachta ard-infheictheachta seo.

Bhain an Suirbhé ar Imlonnú Eagraíochtúil faoinar tugadh in 2017 torthaí a bhí ina n-ábhar mór díomá maidir le Foireann Státseirbhíse a imlonnú láithreach do róil a bhíodh ag

<sup>2</sup> Tuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána (Samhain 2015), An Phóilíneacht in Éirinn a Athrú

comhaltaí Garda fianaithe roimhe seo. Ba mhaith leis an gCoiste torthaí ní b'fhearr a thabhairt faoi deara maidir leis an straitéis seo. Tugann iniúchtaí rannáin faoinar tugadh in 2017 le fios gurbh íseal an líon foirne a bhí fostaithe ar lá an iniúchta chun patrólú agus póilíneacht ard-infheictheachta a dhéanamh, a rinne teagmháil dhíreach leis an bpobal (44%).

### **Measúnú Riosca**

Ba léir gurbh ann do Theipeanna Tromchúiseacha Rialaithe i gColáiste an Gharda Síochána agus i gcodanna eile den eagraíocht, a raibh cur amach orthu ach nár cuireadh ar an gClár Rioscaí Corparáideacha, anuas ar thuarascálacha iniúchta ina sonraítear laigí sa chreat bainistíochta riosca, ag tús 2017. Cuireann an coiste fáilte roimh na Nósanna Imeachta Bainistíochta Riosca a cuireadh i bhfeidhm ó Aibreán 2017 ar aghaidh agus d'iarr an Coiste go ndéantar iniúchadh orthu seo. Rinne Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána cuir i láthair leis an gCoiste ag gach cruinniú, seachas i gcás chruinniú Lúnasa 2017.

### **Comhoibriú leis an Aonad um Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochána agus le hAonaid Rialachais eile**

Cuireann an Coiste fáilte roimh an tionscnamh in 2017 a chuir an GIAS agus an tAonad um Chaighdeán Ghairmiúla an Gharda Síochána (an GPSU) ar bun chun scóip an chomhoibrithe agus an phlé a fhairsingiú, lena n-áirítear an tAonad Bainistíochta Riosca, an tAonad Forbartha Beartais, an Oifig um Chlaochlú Straitéiseach agus Gnóthaí Innheánacha. Casann an grúpa seo ar bhonn míosúil agus tá athbhrandáil déanta air féin le déanaí agus tugtar an Fhoireann Pháirtithe Leasmhara Dearbhaithe Bainistíochta (MAST) anois air. Is é cuspóir an ghrúpa chun na feidhmeanna bainistíochta riosca agus dearbhaithe bainistíochta a chomhordú laistigh den eagraíocht agus chun éifeachtacht a uasmhéadú. Ar cheann de thionscnaimh MAST, faoi stiúir an GPSU, is ea modh leictreonach simplithe a sholáthar chun cabhrú leis an mBainistíocht Áitiúil chun tabhairt faoi agus freagairt do na Cigireachtaí agus Athbheithnithe. Bainfear triail phiólótach as an réiteach seo sa dara ráithe in 2018.

### **Próiseáil Pionóis Mhuirir Sheasta**

Lean Aonad Iniúcháireachta Innheánaí an Gharda Síochána le hiniúchadh a dhéanamh ar riar lárnach Pionóis Mhuirir Sheasta i rith 2017. Deimhníodh go raibh ag éirí go maith leis an riar foriomlán, faoi réir roinnt bheag saincheistearna sonracha a réiteach. I gcaitheamh



na n-iniúchtaí seo, níor cuireadh aon chinn de na deacrachtaí dlíthiúla a d'eascair lasmuigh den chóras riaracháin ar shúile na n-iniúcháirí.

I Márta 2017, d'fhógair Bainistíocht an Gharda Síochána go raibh thart ar 14,500 ciontú le díchur mar gheall ar fhadhb dhlíthiúil maidir le hionchúiseamh cionta a thagann faoi chuimsiú shainchúram an chórais Phionóis Mhuirir Sheasta. Sula ndearnadh an fógra poiblí seo, agus d'ainneoin an róil an-sonraigh a sannadh do Rannóg Iniúcháireachta Inmheánaí an Gharda Síochána maidir leis an gcóras Pionóis Mhuirir Sheasta, ní raibh an Rannóg Iniúcháireachta Inmheánaí ná an Coiste Iniúcháireachta ar an eolas gur tháinig an bhainistíochtch ar na fadhbanna seo in 2016. Anuas air sin, fógraíodh gur ionchuireadh líon an-mhór de Thástálacha Meisceacha Éigeantacha míchruinne nó falsaithe ar PULSE. Bhí na saincheisteanna seo faoi chaibidil in dhá thuarascáil i rith 2017, ceann amháin faoinar thug an Coimisinéir Cúnta O'Sullivan agus ceann eile faoinar thug gnóthas sainchomhairleoirí bainistíochta, Crowe Horwath. Leanfaidh an Coiste le hathbhreithniú a dhéanamh ar an tsaincheist.

### **Beartas Frithchhalaoise**

I rith 2017, tuairiscíodh sé cás déag de chhalaois amhrasta leis an gCeann Iniúcháireachta Inmheánaí. Rinneadh imscrúdú ar na cásanna seo trí oifigigh imscrúdaithe a cheapadh ar aon dul leis an mbeartas. Thug Iniúcháireacht Inmheánach an Gharda Síochána na cásanna seo faoi deara agus déanfaidh siad tástáil i dtaobh a mhacasamhail de theagmhais le linn sannacháin iniúchta amach anseo. Anuas air sin, cuireadh tuarascáil amháin maidir le Cláir/Tionscadaíl Oiliúna atá á gCistiú ag an AE ar aghaidh chuig an GSOC agus OLAF go ndéanfaidh siad imscrúdú breise air mar gheall go bhfuiltear in amhras gur thit gníomhaíocht chhalaoiseach amach.

### **Soláthar Poiblí**

Lean an Coiste Iniúcháireachta le hathbhreithniú a dhéanamh ar bheartais, próisis agus nósanna imeachta soláthair sa Gharda Síochána, agus le comhairle a chur ar an gCoimisinéir, faoi mar a cheanglaítear faoi Alt 45 (2)(c)(i) d'Acht an Gharda Síochána, 2005. Ceanglaítear i gCiorclán 40/02i na Roinne Airgeadais go dtugtar gach teagmhas de neamhchomhlíonadh

nósanna imeachta soláthair le fios in aguisín leis an gCuntas Leithreasa. Phléigh an Coiste tuairisceán 40/02 a rinneadh le Cuntas Leithreasa 2016.

I rith 2017, léirigh an Coiste buarthaí faoin bhfad ama a ghlacann sé le conarthaí soláthair a chur i bhfeidhm a chomhlíonann an reachtaíocht ábhartha. Ábhar díomá é go bhfuil an Conradh Seirbhísí Leighis agus na conarthaí chun feithiclí a Tharraingt agus a Stóráil a d'urghabh an Garda Síochána neamhchomhlíontach go fóill, in ainneoin dearbhú a soláthraíodh don Choiste i gcaitheamh roinnt blianta go réiteofaí é seo.

In 2017, d'aimsigh iniúchtaí saincheisteanna nár réitíodh i dtaobh soláthair i sé Rannán/Aonad Gnó an Gharda Síochána. Ach go háirithe, ba léir gurbh ann do shaincheisteanna a bhain le Tionscadail mhórsála TFC a sholáthar sa Stiúrtóireacht TFC agus san Oifig um Chlaochlú Straitéiseach. B'éard a d'eascair as na saincheisteanna seo gur dícháilíodh thart ar €1.5 milliún ón éileamh ar chúnamh maidir leis an gCiste Slándála Idirnáisiúnta a chómhaoiníonn Coimisiún an AE, an tArd-Stiúrthóir um Gnóthaí Baile agus Sándáil.

Ba léir gur tháinig feabhsúcháin ar chomhlíonadh na rialacha soláthair i gcaitheamh na bliana i gColáiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór. Leanfar le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn sa limistéar seo.

### **Ceisteanna eile a phléigh an Coiste Iniúcháireachta**

D'fhaomh an Coiste Plean Iniúcháireachta 2017 a leag Iniúcháireacht Immheánach amach agus rinne sé athbhreithniú ar dhul chun cinn i gcoinne an phlean seo i rith na bliana. Chomhaontaigh an Coiste ar thosaíochtaí breise agus leasaigh siad an plean i rith na bliana. Ghlac an Coiste leis na leasuithe ar an bplean a mhol an Ceanntóir Iniúcháireachta Immheánaí.

Ar an iomlán, rinne an Coiste breithniú agus faomhadh ar 16 Thuarascáil Iniúcháireachta;

Iniúchtaí Roinne/Aonaid Speisialtóra	2
Iniúchtaí Athbhreithnithe	7
Iniúchtaí Téamacha/Trasghearrthacha	6
Tuarascáil le Coimisinéir an Gharda Síochána	1

Rinne an Coiste athbhreithniú ag gach cruinniú ar na Cuntais Bhainistíochta agus ar an suíomh buiséadach. Phléigh an Coiste an t-easnamh thart ar €44 milliún i mbuiséad an Phárolla (A1) ónar theastaigh buiséad forlfontach ag deireadh na bliana 2017. Tá an Coiste faoin tuairim nach bhfuil na heasnamh struchtúracha siúd sa phróiseas buiséid bhliantúil mar thoradh ar aon easnamh i dtuar ag Bainistíocht an Gharda Síochána agus eascraíonn sé ag céim níos déanaí sa phróiseas meastachán.

Rinneadh cur i láthair don Choiste ar na hábhair seo a leanas:

- Bainistíocht Riosca
- An Córas Bainistíochta Fianaise agus Maoine
- Iniúchadh ar an gCiste Slándála Idirnáisiúnta atá á Chistiú ag an AE (ISF)
- An Clár Nuachóirithe agus Athnuachana
- Athbhreithniú Seachtrach ar Sheirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána

## **Seirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána (GIAS)**

### **Comhlíonadh Caighdeán Gairmiúil**

I Samhain 2012, sheol an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i gcomhar le Cinn an Fhóraithe Iniúchóireachta Inmheánaí (ina bhfuil Cinn Iniúchóireachta Inmheánaí ó Ranna agus Oifigí Rialtas Láir) Caighdeán Ghairmiúla nua chun tabhairt faoi Iniúchóireacht Inmheánach in eagraíochtaí a bhfuil caiteachas Vótáilte acu. Tá sé mar bheartas an GIAS chun na Caighdeán Ghairmiúla seo a chomhlíonadh go hiomlán. D'fhonn bheith comhlíontach i gcónaí, rinne KOSI Corporation, gnóthas Sainchomhairleoirí Bainistíochta agus Cuntasóirí, measúnú seachtrach ar an GIAS in aghaidh na gcaighdeán seo. Deimhníodh i dtuarascáil KOSI go gcomhlíonann an GIAS na Caighdeán Ghairmiúla. Déantar moltaí sa tuarascáil, chomh maith, le haghaidh feabhsú. De bhun na moltaí seo, rinneadh “Plean Nuachóirithe agus Athnuachana” a chur i dtoll a chéile agus a chur i bhfeidhm in 2017. Áiríodh leis an bplean seo na feabhsúcháin seo a leanas:

1. Tháinig méadú ar an líon foirne sa GIAS aníos ó 8 go 12 agus fuarthas cead chun na leibhéil foirne a mhéadú níos mó go dtí 16.
2. Síníodh Cairt nua le Coimisinéir an Gharda Síochána.

3. Déanann an Ceann Iniúcháireachta Inmheánaí tuairisciú díreach anois le Coimisinéir an Gharda Síochána/an tOifigeach Cuntasafóichta, seachas leis an Leas-Choimisinéir Rialachais agus Straitéise.
4. Tugann an Ceann Iniúcháireachta Inmheánaí faisnéis d'Fheidhmeannacht an Gharda Síochána ar bhonn ráithiúil.
5. Rinneadh obair na hiniúcháireachta inmheánaí a atreorú chun díriú níos mó ar rioscaí straitéiseacha seachas díriú ar iniúchadh a dhéanamh ar aonaid gheografacha Rannáin/Aonaid Ghnó an Gharda Síochána.

Thug an Coiste faoi deara nár bunaíodh an Ceann Iniúcháireachta Inmheánaí go fóill i ngrád Príomhoifige, faoi mar a leagtar amach sa phlean seo agus arna mholadh ag Feidhmeannacht an Gharda Síochána, an tÚdarás Póilíneachta agus an Coiste seo. Ábhar suntasach frustra-chais is ea an mhoill leanúnach don Choiste agus don Cheann Iniúcháireachta Inmheánaí.

Léirítear sna hathruithe seo, chomh maith, moltaí Thuarascáil an PAC (Iúil 2017) maidir leis an GIAS. Fáiltíonn an Coiste roimh an stádas feabhsaithe agus roimh na hacmhainní breise a soláthraíodh don GIAS agus déanfaidh sé monatóireacht in 2018 ar cé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn acmhainní breise chun an dearbhú riachtanach a sholáthar do Choimisinéir an Gharda Síochána agus don Bhainistíocht Shinsearach.

### **Oiliúint agus Forbairt Daoine**

I rith 2017, soláthraíodh seachtar foirne nua don GIAS agus d'fhág triúr foirne taithíochá ar ardú céime nó ar aistriú. As an seachtar foirne seo, ní raibh taithí fhorleathan iniúcháireachta ach ag duine amháin laistigh den earnáil phoiblí. Mar thoradh ar an athrúchán ard foirne le bliain anuas, tá géarghá le hoiliúint agus forbairt. Tugann an Coiste faoi deara gur saindisciplín ghairmiúil atá in Iniúcháireacht Inmheánach óna dteastaíonn oiliúint leanúnach agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Déanfaidh an Coiste monatóireacht ar an gelár oiliúna d'fhorbairt foirne i rith 2018 lena chinntiú go soláthraítear acmhainní leordhóthanacha chun uasoiliúint a chur ar an bhfoireann agus chun forbairt ghairmiúil a chothabháil do chomhaltaí foirne níos taithíche.

### **An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

In Eanáir 2017, chas an Coiste leis an Uasal Gerard Enright (Iniúcháir Sinsearach) agus an tUasal Mary Henry, Stiúrthóir Iniúcháireachta ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, chun athbhreithniú a dhéanamh ar a dTuarascáil Bhliantúil maidir le caiteachas in 2015 agus saincheisteanna iniúcháireachta a tháinig chun solais in 2016. Pléadh rioscaí féideartha amach anseo agus an straitéis iniúcháireachta in 2017, chomh maith.

D'oibrigh Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus an GIAS ní ba dhlúithe in 2017, agus chas siad lena chéile gach ráithe chun tosaíochtaí iniúcháireachta a dheimhniú agus chun torthaí a roinnt. Ba rí-léir an comhoibriú seo nuair a bhí na saincheisteanna a tugadh chun solais i gColáiste an Gharda Síochána á réiteach agus á dtabhairt chun solais.

### **Leibhéal Chonartha faoi Alt 45(5)(a) d'Acht an Gharda Síochána, 2005**

Ceanglaítear faoi alt 45(5)(a) den Acht ar an gCoimisinéir chun an Coiste a chur ar an eolas faoi chonarthaí ina n-iontrálfar os cionn suim shonraithe airgid. Shocraigh an Coiste tairseach €5 milliún agus d'iarr sé go gcuirtear ar an eolas é ar chonarthaí a thagann faoi chuimsiú na tairisí seo a d'fhéadfadh bheith an-íogair i leith athrú aníos nó atá neamhghnách i dtaobh cineáil de. I gcomhréir le Ciorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, 16/2013, ceanglaítear ar an nGarda Síochána chun creataí lárnacha soláthair agus conarthaí a úsáid a bhunaigh an Oifig um Sholáthar Rialtais. Cuireadh an Coiste Iniúcháireachta ar an eolas faoi chonarthaí atá á mbainistiú don Gharda Síochána ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

### **Breislúach a chruthaigh an Próiseas Iniúcháireachta**

Chuir na moltaí a rinneadh in iniúchtaí le roinnt blianta anuas le dhá thionsenamh thábhachtacha a thabhairt chun blátha in 2017. Ar an gcéad dul síos, in Aibreán 2017, cuireadh i bhfeidhm creat nua le haghaidh measúnú agus bainistíocht riosca. Ar an dara dul síos, i Meán Fómhair 2017, cuireadh paiste nua PEMS2 le PULSE lena ligean gach earra maoinne a mheaitseáil le teagmhais PULSE agus chun barrachódú agus rialuithe earraí a sholáthar chun earraí maoinne atá faoi sheilbh a bhainistiú. Cuireann an Coiste fáilte roimh na tionscnaimh seo ach ní féidir leis, ag an gcéim luath seo, a dheimhniú cé chomh héifeachtach

a bhí a n-implonú chun dul i ngleic leis na teipeanna rialaithe a raibh sé in ainm is dul i ngleic leo nó cé acu ar tháinig nó nár tháinig feabhas ar an timpeallacht rialaithe dá bharr.

Táthar ag dul i ngleic leis na saincheisteanna a tugadh chun solais maidir le leithdháileadh acmhainní trí Thionscadal Bainistíochta agus Imlonmaithe an Uainchláir mar chuid den Chlár Nuachóirithe agus Athnuachana agus trí an gClár Sibhialtachaithe. Glacfaidh sé ocht mí dhéag sa bhreis ar na tionscnaimh seo lena bhforbairt agus lena gcur i bhfeidhm.

Is léir, chomh maith, ó na hiniúchtaí a rinneadh ar Rannáin an Gharda Síochána gur réitíodh na saincheisteanna a sainithníodh in 2014 maidir le cealú Fógraí Muirir Sheasta agus rialú agus measúnú leantach ar neamhscholáthar na bhfógraí siúd, den chuid ba mhó. Áfach, in 2017, cuireadh an Coiste ar an eolas ar shaincheist eile a bhain le póilíníú bóithre, faoi mar a leagtar amach thuas (leathanach 6, alt 3).

### **Athrú Cultúrtha laistigh den Gharda Síochána**

Leagann Institiúid na nIniúcháirí Inmheánacha Cairte in Éirinn, ina cáipéis bheartais (Meitheamh 2014) <sup>3</sup> ar shaincheisteanna cultúrtha a iniúchadh, freagracht ar Aonaid Iniúcháireachta Inmheánaí breithniú a dhéanamh ar *“cé acu an bhfuil nó nach bhfuil tiomantas láidir ag eagraíochtaí do dhea-iompar agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil gnáthiompar á dhéanamh de, i bhfirinne”*.

Faoi mar a fheictear don Choiste, tá cultúr comhréireachta, aontachta agus dílseachta le tabhairt faoi deara go soiléir sa Gharda Síochána agus glacfaidh sé roinnt ama agus dícheall sula nglacfar go hiomlán leo siúd a bhfuil dearthaí éagsúla nó cáintéacha acu i roinnt codanna den eagraíocht, amhail bheith ina gcomhaltaí cuiditheacha agus dílse den Gharda Síochána.

Déantar breithniú in Alt 37 de Thuarascáil an PAC (Iúil 2017) ar *“theannas gairmiúil”* idir bainisteoirí sinsearach. Is é tuairim an Choiste go n-eascaíonn an teannas seo ó dhifriochtaí a bhaineann leis an ngá atá le trédhearcacht agus cuntasacht iomlán a bheith ann ar gach leibhéal laistigh den Gharda Síochána. Is léir gurb ann do dhiúltú áirithe i leith an chlár

---

<sup>3</sup> An cultúr agus ról na hIniúcháireachta Inmheánaí – Súil a chaitheamh faoi bhun an dromchla (‘Culture and the role of Internal Audit – Looking below the surface’) – Institiúid na nIniúcháirí Inmheánacha Cairte in Éirinn; Meitheamh 2014.



athchóirithe agus gur gá go mbeadh trédhearcacht iomlán le sonrú taobh istigh de chodanna den Gharda Síochána. Glacfaidh sé roinnt ama go ndéanfar an cultúr nua a leabú go hiomlán i ngach cuid den Gharda Síochána. Tá cúngú ag teacht ar an scóip chun dibhéirsiú ón gcultúr nua cuntasachta agus trédhearcachta, áfach, mar gheall ar thacaíocht Choimisinéir an Gharda Síochána, Oifig an Phríomhoifigigh Riaracháin agus Fheidhmeannacht Acmhainní Daonna agus Forbartha Daoine.

Rinne Príomhoifigeach a ceapadh atá freagrach as Riar Choláiste an Gharda Síochána a bhfuil comhstádas aige leis an Stiúrthóir Ard-Cheannfoirt Oilíúna, sa mhullach ar an bhfoireann a bhain na cáilíochtaí cuí amach a cheapadh, an dearcadh agus an cultúr maidir le bainistíocht airgeadais i gColáiste an Gharda Síochána a athrú. Anuas air sin, chuir an oiliúint a sholáthair an Foras Riaracháin maidir le Nósanna Imeachta agus Rialachas Airgeadais Poiblí leis an athrú cultúrtha seo, chomh maith.

Go deimhín, d'fhéadfaí caitheamh leis na hathchóirithe sa Choláiste mar mhiereacosma de na hathchóirithe atá riachtanach laistigh de gach cuid den eagraíocht agus den phróiseas a theastaíonn chun an t-athchóiriú a chur chun feidhme.

## **Conclúid**

Ba mhaith le comhaltaí an Choiste aitheantas a thabhairt don chomhoibriú agus don chúnamh a fuair siad i rith na bliana ó fhoireann an Gharda Síochána a airde le céim an Choimisinéara Ghníomhaigh agus an iar-Choimisinéara, na céimeanna sin san áireamh, agus don chúnamh a fuarthas ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Cuireadh feabhas ar an timpeallacht rialaithe airgeadais maidir le hearraí maoiné a chur i dtaifead ar PULSE (PEMS1), chun Córas Bainistíochta Maoine agus Foilseán (PEMS2) aonfhoirmeach a sholáthar agus chun Cealuithe Fógra Muirir Sheasta a rialú agus a bhainistiú. Ina theannta sin, cuireadh feabhas suntasach ar an timpeallacht rialaithe i gColáiste an Gharda Síochána, chomh maith. Sa mhullach air sin uile, chuir an t-athchóiriú a thit amach laistigh de Choláiste an Gharda Síochána, chomh maith, leis an gcultúr a athrú maidir le rialuithe airgeadais ar fud na heagraíochta iomláine.

In 2017, cuireadh feabhas ar stádas an GIAS laistigh den Gharda Síochána. Faomhadh foireann bhreise. Síníodh Cairt nua Iniúchóireachta Innheánaí le Coimisinéir an Gharda Síochána. Déanann an GIAS tuairisciú anois go díreach le Coimisinéir an Gharda Síochána.

Cuireann an Coiste fáilte roimh chórais nua PEMS2 agus an Creat Bainistíochta Riosca nua, ar tugadh isteach iad araon i rith 2017. Déanfaidh an GIAS iniúchadh ar éifeachtacht na dtionscnamh seo in 2018.

Molann an Coiste go réitítear an cás a bhaineann le grádú an Chinn Iniúchóireachta Innheánaí láithreach, trí idirchaidreamh Bhainistíochta an Gharda Síochána leis an Údarás Póilíneachta agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Níor cheart glacadh leis gur lean an tsaincheist seo ar aghaidh gan bheith réitithe ar feadh tréimhse chomh fada sin.

I ndeireadh na dála, féadfaidh a mhéid is féidir le hiniúchóireacht innheánach cur leis an rath a bhíonn ar an eagraíocht tionchar a imirt ar an leibhéal tacaíochta a fhaightear ón mbainistíocht shinsearach. Aithnítear é seo go soiléir sa lámhleabhar Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí a leagann an bhéim, mar is ceart, ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht iomlán agus neamhcháilithe na bainistíochta le hiniúchóireacht innheánach.

Faoi láthair, tá an Garda Síochána ag gabháil trí phróiseas d'athrú agus d'athchóiriú suntasach. Is mian leis an gCoiste Iniúchóireachta leanúint le tacú leis an nGarda Síochána i rith an phróisis seo agus bheadh sé inníoch aird na Bainistíochta a tharraingt ar na deiseanna a sholáthraíonn an próiseas seo chun a struchtúir rialachais a threisiú agus a thacaíocht a léiriú d'Iniúchóireacht Innheánach.



*An Dr Cyril Sullivan*

*Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta an Gharda Síochána*

*Dáta:*

---

í Ceanglaítear i gCiorclán 40/02 na Roinne Airgeadais, i gcásanna eisceachtúla nach gcomhlíonfar nósanna imeachta soláthair go hiomlán, go sonraítear an caiteachas seo ar thuairisceán bliantúil a chuirtear faoi bhráid i dteannta an Chuntais Leithreasa Bhliantúil a chuirtear faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.